Preasráiteas ó Oidhreacht Chorca Dhuibhne

Cnuasach Scéalta agus Seanchais eile ó Bhab Feiritéar!

Is í **Edel Ní Chuireáin**, Ceannaire, RTÉ Raidió na Gaeltachta, a sheolfaidh

Coiglímis an Tine (Leabhar +2CD)
(in eagar ag Bo Almqvist agus Roibeard Ó Cathasaigh)

ag 5.30 i.n. ar an Aoine 25 Feabhra 2011

i Músaem Bhaile an Fheirtéaraigh

Tá an-éagsúlacht sa dara cnuasach seo le Bab Feiritéar, an scéalaí iomráiteach ó Dhún Chaoin a d'éalaigh uainn i 2005. Ina measc tá paidreacha dúchais agus míreanna pearsanta, finscéalta áitiúla ar an osnádúr agus ar laochra ceantair is náisiúnta, scéalta grinn, seanscéal fada agus scéal rómánsúil seodmhar. Tá na scéalta agus an seanchas oiriúnach don bhfoghlaimeoir agus don gcainteoir dúchais araon. Ba dheacair taifeadtaí ó bhéal cainteora níos fearr ná Bab a fháil.

Tá Oidhreacht Chorca Dhuibhne buíoch do RTÉ Raidió na Gaeltachta dá gcead na taifeadtaí a fhoilsiú anseo. Táthar buíoch leis d'Fhoras na Gaeilge, Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne, Coláiste Mhuire gan Smal agus Muintir Feiritéar.

Críoch

Baile an Fheirtéaraigh, Trá Lí, Co. Chiarraí
mus@cfcd.ie
www.oidhreacht.ie
23 Feabhra 2011